



Rewarding Learning
ADVANCED SUBSIDIARY (AS)
General Certificate of Education
2019

Stair

Aonad Measúnaithe AS 1
Imscrúduithe agus Léirmhínithe Staire



SHY11

[SHY11]
DÉ CÉADAÍN 15 BEALTAINE, IARNÓIN

AM

1 uair 30 nóiméad.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá curtha ar fáil.

Níl ach **Rogha 5** ar fáil ar an leagan Gaeilge seo den scrúdpháipéar.

Freagair Ceist **1(a)** nó **1(b)** agus Ceist **2** as an **rogha agat**.

Taispeáin go soiléir ar do Leabhrán Freagraí cad é an rogha a rinne tú.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 60 an marc iomlán don pháipéar seo.

Rogha 5: An Ghearmáin 1919–1945

Freagair Ceist 1(a) nó 1(b) agus Ceist 2.

Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist 1.

1 Ceachtar acu

(a) Déan anailís ar fhorbairt an Pháirtí Naitsíoch idir 1923 agus 1929. [10]

Nó

(b) Déan anailís ar éachtaí eacnamaíocha na Naitsithe sa Ghearmáin sa tréimhse 1933–1939. [10]

2 Léigh Foinse 1, Léirmhíniú A agus Léirmhíniú B agus freagair na ceisteanna a leanann:

Bolscaireacht agus Meanma i nGearmáin na Naitsithe 1939–1945

Foinse 1

Sliocht as óráid le Joseph Goebbels, 18 Feabhra 1943. Tá sé ag labhairt le lucht éisteachta de thacaithe an Pháirtí Naitsíoch. Craoladh an óráid ar stáisiún raidió uilig na Gearmáine. I mí Eanáir 1943 ghéill trúpaí de chuid na Gearmáine ag Stalingrad don Aontas Shóivéadach.

Is é Stalingrad an ghairm chinniúna is mó do náisiún na Gearmáine. Muintir a bhfuil an neart iontu le déileáil lena leithéid de bhuille agus é a shárú, ní féidir iad a chloí. Ba mhaith liom bheith chomh macánta libh agus a éilíonn an t-am atá ann. Thig le muintir na Gearmáine glacadh leis an fhírinne iomlán. Faoi láthair tá deacrachtaí móra míleata againn san Oirthear. Ní mór dúinn na deacrachtaí seo a admháil agus an méid a fhiosrú atá orainn le déanamh le hiad a réiteach. An bhfuil sibh meáite ar an *Führer* a leanúint sa troid ar son bua mín agus garbh? An bhfuil sibh meáite ar shé uair déag an chloig oibre a chur isteach gach lá? An mian libh go gcinnteoidh an rialtas go n-oibreoidh mná fosta mar chuid d'iarraicht an chogaidh? An ngeallann sibh do na saighdiúirí atá ag troid ag an fhronta go bhfuil na daoine sa bhaile ag tacú leo, go bhfuil a meanma go hard agus go dtabharfaidh siad gach rud atá riachtanach leis an bhua a bhaint amach? An mian libh “Cogadh Iomlán”?

Teacht i gCumhacht na Naitsithe 1930–Eanáir 1933

Léirmhíniú A

Sliocht as alt le C. Sharples, dar teideal *Germany and the Great Depression*, foilsithe in 2011.

Agus iarracht á tabhairt ar theacht i gcumhacht an Pháirtí Naitsíoch a mhíniú, tá an Spealadh Mór thar a bheith suntasach. An ról a bhí ag géarchéim eacnamaíoch mar eochairthoisic ghearrthearma taobh thiar den fhorbairt seo, tá sé soiléir de réir dealraimh. Nuair a rinne bainc Mheiriceá a bhí ag teip iarracht a gcuid iasachtaí a fháil ar ais i ndiaidh Chliseadh *Wall Street*, ní raibh an Ghearmáin in ann na fiacha aici a aisíoc. De réir mar a chuaigh an spealadh i bhfeidhm, thit táirgeadh tionsclaíoch go géar. Bhí tionchar ag an ghéarchéim ar gach earnáil de shocháí na Gearmáine agus ag a buaicphointe bhí 6 mhilliún duine cláraithe mar dhífhostaithe. Iarrachtaí Sheansailéir Brüning an riocht a rialú trí chánacha a ardú agus maoiniú poiblí a ghearradh, dhiúltaigh an pobal go mór dóibh. Agus é ar theann a dhíchill ag iarraidh muinín an *Reichstag* a choinneáil, thosaigh daoine ag lorg bealach éalaithe as an fhaopach seo in áit eile. Seo an saol a bhí ann nuair a thosaigh antoisceachas polaitiúil ag teacht i réim. Ní raibh rath ar na Naitsithe maidir le cúrsaí toghchánaíochta go dtí mí Mheán Fómhair 1930.

Léirmhíniú B

Sliocht as S. J. Lee, *The European Dictatorships 1918-1945*, foilsithe in 1987.

Tháinig Hitler i gcumhacht de réir mar a thosaigh laghdú ag teacht ar iarmhairt an spealta. Sa toghchán i mí Iúil 1932 d'éirigh le *NSDAP* a bheith ar an pháirtí ba mhó sa *Reichstag*. Nuair a thug von Papen cuireadh do Hitler bheith páirteach ina chomh-aireacht, d'éiligh sé an tSeansailéireacht ina áit. Dhiúltaigh an tUachtarán Hindenburg dó seo, áfach. Rinne von Papen iarracht ansin suíomh *NSDAP* a lagú trí thoghchán eile *Reichstag* a ghairm i mí na Samhna 1932. Chaill *NSDAP* tacaíocht thoghchánach an iarraidh seo. Ní raibh sé de chumas ag von Papen cumhacht a choinneáil ar feadh rófhada agus chuaigh an tSeansailéireacht go von Schleicher. Mhóthaigh von Papen chomh mór sin gur imir von Schleicher fealltóireacht air go ndeachaigh sé i gcomhcheilg le Hitler ina éadan. I mí Eanáir 1933 chuir von Papen ina luí ar Hindenburg Hitler a cheapadh mar Sheansailéir i gcomhrialtas. Sa deireadh, tháinig Hitler i gcumhacht trí mhodh an chúl-dorais den chomhcheilg pholaitiúil.

- (a) **Déan Staidéar ar Fhoinsé 1.** Cé chomh húsáideach agus atá Foinse 1 mar fhianaise do staraí atá ag déanamh staidéir ar bholscaireacht agus meanma i nGearmáin na Naitsithe sa tréimhse 1939–1945? Ní mór duit eolas comhthéacsúil a úsáid i do fhreagra. [20]
- (b) **Déan Staidéar ar Léirmhíniú A agus Léirmhíniú B.** Bíonn dearcthaí difriúla ag staraíthe maidir le saincheisteanna áirithe. An dá léirmhíniú agus an tuiscint atá agat ar an chomhthéacs stairiúil in úsáid agat, cé acu den dá léirmhíniú dhifriúla seo de na fáthanna le teacht i gcumhacht na Naitsithe ó 1930 go dtí 30 Eanáir 1933, dar leat, atá níos inchreidte? [30]

Ù[~ !&•

Option 5: Source A, © A History of the Third Reich: Primary Sources Volume 4 by J. T. Hay
(ISBN: 9780737714777) Published by Greenhaven Press, 2003

U] ç } Á KQc!:] !tæq } ÁEÁ Á^æ• Á Á ^ā æÁq áÁ@Á@áÁ^æ@Á ÖEÖçæ • Áæ áÁEÁ } \ ä • Á
QÜÖhüííEHÉÉíííDÚ`àjã @áÁ`Á[áá^!Áó`ææq } ÉFJJJ

Option 5: Interpretation B, © The European Dictatorships 1918-1945 by S. J. Lee
(ISBN: 9780416422801) Published by Methuen, 1987

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.

I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húníreirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.